

TÁ AN FHAIRRGE TAR CIONN LE HOIBRIU.

An talam lom, gan tom ná sceach, ná crann a déanfadh dídean. An ghaoth fhairrge aniar agus í ag dhul go smior i ngach feithide beo. Bhí sí fuar faobhrach agus fuadrach agus í ag teacht thríd na ballaí cloch ina fíaclaibh géara agus é áite a mbeadh éan ann, gá chuardach aice an lon a bhí ag fáithcheall cois bhalla feadh an lae. Cén áit a comhnaidhe sé air, san oidhche? Ní leigfeadh an síon dó fanacht, in aice balla cionigéar nach mbeadh easóg nó cat ann féin, ní raibh caoir fágta ar caorthainn san aon choilleachán atá i bhfoisgeacht deich míle, ná sgeachóir ar sgeich - agus is fada ona chéile na sgeacha - béigin don lon fanacht go foighdeach go siubhlach bó no asal thart le claidhe go mbogfidhe seilmidí agus daola.